Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Bealtaine 2019
(OR. en)

8735/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0380(COD)**

CODEC 990
ENER 245
ENV 437
CLIMA 123
COMPET 359
CONSOM 150
FISC 239

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (athmhúnlú) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 30 Samhain 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 194(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 31 Bealtaine 2017[2].

3. Ar an 13 Iúil 2017, thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh[3].

[1] 15150/16.
[2] IO L 288, 31.8.2017, lch. 91.
[3] IO L 342, 12.10.2017, lch. 79.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 26 Márta 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   – an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 10/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

   – a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 7706/19.